CEAṪRÚ RUA

Tá áṫas orainn go léir gur piocaḋ duine as Indreaḃán le dul ar an turas go dtí an tSualainn, le cuid iascairí na hÉireann, faoi ċoimirce Bord Iascaiġ Ṁara, atá an turas agus ṗioc siad Pádraig Mac Donnċa, as Indreaḃán, mar ḋuine den ḃuíon scipéirí tráiléirí iascaí. D'ḟágadar Aerṗort Ḃaile Áta Cliaṫ tá seaċtain ó ṡin, agus caiṫfiḋ siad tréimse insan tSualainn, ag déanaṁ staidéar ar na deiseanna iascaireaċta atá acu ansin. As An Rinn, An Ceaṫrú Rua, ó ċeart, Pádraic, aċ tá sé 'na ċónaí in Indreaḃán le roinnt blianta, agus tá tráiléar iascaí aige le deiċ mbliana.

Tógaḋ páirc nua imearṫa — Páirc Uí Ċaḃain, ar an gCeaṫrú Rua, timpeall dá ḃliain déag ó ṡin. Ċosainn sí airgead go leor, aċ má ċosainn ḟéin, baineaḋ leas mór aisti ag imirt peil ar feaḋ roinnt blianta. Nuair a ḃí foireann Ṁiċíl Ḃreaṫnaiġ faoi lán tseoil a h-imreaḋ an ċuid is mó ann, aċ, ó ṫit na Ḃreaṫnaiġ ó ċéile, níor baineaḋ mórán úsáid as an bpáirc. Le h-éirí suas na bPiarsaċ anois, tátar ag súil naċ mbeiḋ an scéal mar sin feasta, agus go gcuirfear deisiú ar an bpáirc, le fál a ċur mórṫimpeall uirṫí, agus go mbeiḋ na cluiċí arís dá n-imirt anseo.

Cúis ṁór ḃróin insan gceantar go léir, an taisme len ar maraíoḋ Seán Ó Mainín (20), as Camus, i dtionóisc bóṫair i Leeds, Sasana, an tseaċtain seo caite. Mac é do Ṗeadar Ó Mainín, agus ní raiḃ sé aċ cúpla bliain i Sasana. Tugaḋ an corp aḃaile go Séipéal Ċamus Dé hAoine agus ḃí an tsocráid Dé Saṫairn, go reilig Ċill Ḃríocáin.

Is géar, agus is an ġéar atá monarcan ag teastáil sa gCeaṫrú Rua. Tá ionad curṫa ar fáil ar an gCoiste Feaḃsúċán san áit agus tá súil naċ mbeiḋ sé i ḃfad go gcuirfiḋ Comluċt éigin suim ina leiṫéid de ṁonarcan do ṫógáil, ċun déantúisí áiṫrid do ċur ar fáil, agus saoṫrú a ṫaḃairt do ḃeagán, ar a laġad, do na daoine óga san áit. Níl an tionad a cuireaḋ ar fáil, aċ 27 míle ó ḃug na Gaillimhe.

Ní ḟactas a leiṫéid do ḃáistí ċoṁ trom le fada an lá agus a ḃí i gConamara an tseaċtain seo caite. Ḃí na bóiṫre báiḋte agus níor fágaḋ sná ar na daoine a ḃí ag siúl agus ag rotaíoċt ag an Aifreann. Aċ, ba measa arís an stoirm láidir agus lasraċa ⁊ toirneaċ a ḃí ann san oíċe. Níor deineaḋ mórán damáiste.

Tá Máire Ní Ḋoṁnaill, sa mbaile ar saoire taréis ceiṫre bliana a ċaiṫeaṁ i Meiriceá. As an Caorán Beag í.

Tá slua mór eile de scoláirí Gael-Linn anois i gCois Farraige, Ceaṫrú Rua, Leitir Mór agus Rosmuc, fá ċoinne an téarma scoile Meán-Fóṁair go Nollaig, agus iad ag freastal ar na scoltaċa náisiúnta insan ċeantar.

Taca mí Ṁeán-Ḟóṁair, téann roinnt fear óg agus meán-aosta ón gceantar seo soir go dtí an Aiċréiḋ ag obair do na feilméaraí ansin, go Nollaig. Spailpíní a tugtaí orṫa roiṁe seo, aċ ní Spailíní níos mó iad, aċ oibríṫeoirí talṁaíoċta. Tá pái seasta dóiḃ agus uaireannta áiṫrid leagṫa amaċ dóiḃ. Tá cónaí níos fearr i dteaċ an ḟeilméara agus beaṫa ṁaiṫ. Tá deireaḋ le margaḋ na spailpíní ag coirneál Ṫí Ḃreaṫnaiġ ar an Ḟaiṫċe Mór, i nGaillim. Tágann an feilméar anoir aonis go Conamara, ina ġluaisteán ar lorg an ḟear oibre a ḃí aige an ḃliain a ċaiṫeaṁ, ⁊ tógann sé leis ina ċárr é taréis margaḋ sásúil a ḃeiṫ déanta. Tá scata maiṫ dena fir oibre ó'n gceantar seo imiṫe soir i mbliana.

FÁNAID

Ḃí lúṫáir anseo i bḞánaid a ċloisint gur pósaḋ an Gárda A. Ó Frigill, mac le Séamas Ó Frigill, agus a ḃean, Ḃaile Ṁiċíl, Ḃaile Láir. Tá sé na Gárda i nGaillim, agus ansin a pósaḋ é.

Ḃí éileaṁ rud beag níos fearr ar stoc ag aonaċ na míosa seo, cé naċ raiḃ na luaċa mórán níos airde. Ċuaiġ ba bainne ó £50 suas. Gaṁna bliana ó £30-£36. Ḃí éileaṁ níos fearr ar caoirí agus ċuaiġ uain suas go dtí £5. Ṫit luaċ na mbanbán go dtí timpeall £3-10-0.

Cúis bróin insan ċeantar ar fad, an scéala go dtáinig an bás ar Máirín Ḃean Uí Ṁáirtín, ag an Mater Hospital, i mBaile Áta Cliaṫ. McConaglaiġ, ab' ainm di roiṁ pósaḋ agus ba as Baile na Cnuic í. Uncail di an tAṫair Aoḋ Ó Doċartaiġ, Maynooth Mission to China. Níṫear coṁḃrón lena deartáraċa, Éamonn agus Pádraic, atá na gcónaí sa baile, agus na gaolta eile.

AN ĠAEILGE SA ĊÚIRT

Glacaḋ le rún: go molann Coiste Ċaṫair Áta Cliaṫ seasaṁ Ḋeasúin Ḃreaṫnaċ agus go ngeallann sé tacaíoċt dó san éileaṁ atá déanta aige ar an gComlaċt Áraċais Norwich Union.

BUS DÚN NA NGALL

Ag an cruinniú míosúil de Coimisinéirí Baile Béal Tairbirt léaḋ litir ó C.I.É. ag rá naċ dtiocfaḋ leofa stop a ḋéanaṁ ar bus Ḃaile Áta Cliaṫ-Ḋún na nGall ag Béal Tairbirt. Dúirt an Coṁairleoir Mac Saṁráin naċ raiḃ siad aċ ag iarraiḋ bus na hoíċe a stopaḋ. Dúirt C.I.É. gurb é cuspóir an luaṫ-ḃus ná dul go tapaiḋ agus dá gcuirtí barraíoċt stopanna ann ní ḟéadfaí sin a ḋéanaṁ.

P. Ó Muirneáin — Nílimíd aċ ag iarraí aċ bomaite nó mar sin.

Dúirt an Caṫaoirleaċ go ḃfaca sé an luasbus ag fanaċt cúig noiméad déag i gCaḃan.

An Ḃainisteoir — Cuirt ceist arís orṫu an féidir leofa an bus deireannaċ a stopaḋ.

S. Mac Aoiḋ — Ḃlocáil an tsráid ar feaḋ cúpla bomaite agus coinniġ suas iad. Téann an bus fríd Béal Tairbirt ar 8.30 p.m. Ní stopann an bus ó Caḃáin go Béal Áta Seanaiġ. Tá éileaṁ láidir i gCeanannus Mór fosta go stopfaḋ an bus seo ar feaḋ nóiméad i gCeanannus Mór. Ní stopann sé ó ḟágann sé Baile Áta Cliaṫ go dtéann sé go Caḃáin agus tá Ceanannus Mór timpeall dá leaṫ slí eatarṫu.

TAOIDE BARRLÁN

Figiúirí fé 12 ar maidin; os cionn 12 tráthnóna.

Dáta	Ard Na Caithne		Carna		Ára Mhór	
13-11-65	8.19	20.51	7.36	20.08	6.33	18.55
14	9.11	21.51	8.28	21.08	7.20	19.46
15	10.11	23.01	9.28	22.18	8.14	20.47
16	11.22	——	10.39	23.34	9.23	22.01
17	0.17	12.38	11.55	——	10.44	23.23
18	1.31	13.50	0.48	13.07	——	12.04
19	2.37	14.53	1.54	14.10	0.35	13.11

MÁ' CUILINN

Cúis bróin insan ċeantar ar fad, gur éag Caitríona Ḃean Uí Ḃreaṫnaiġ, baintreaċ Séamas Breaṫnaċ, as Má' Cuilinn. Ba as Má' Cuilinn í féin agus a fear céile, agus ḃí cliú mór air mar feirmeoir. Déantar coṁḃrón le n-a triúr mac, Máirtín agus Séamas, Má' Cuilinn, agus Seán, i Londain, agus a seaċtar inionaċa, M. Ḃean Uí Acton, M. Ḃn. Uí Hand, A. Ḃean Uí Eiḋin, E. Ḃean Uí Ṁaoilċiaráin, Grattan Rd., Gaillim; Ḃean S. Cullinane; Ḃean T. Uí Ċonaill; Ḃean C. Ní Ġrífín, Bóṫar na Trá; lena dearṫáir, Tomás, i mBearna, agus a deirfiúraċa, Ḃean Uí Ṁaoláin, Má' Cuilinn, Ḃean Uí Líodáin ⁊ Ḃean Uí Halligan, Boston. Ċuaiġ socraid mór léi go reilig Má' Cuilinn taréis Aifreann Solúnta na Marḃ, Diardaoin.

POLL A TSÓMAIS

Ag Comairle Condae Ṁuiġeo mol an Seanadóir S. Ó Líonaċáin, go mbainfí úsáid as cuid den airgead fá ċoinne ceannaċt suíoṁ reilige, le caiṫeaṁ ar an balla teorainn do reilig Poll a' tSómais. Sin ceist conspóideaċ, arsa Eoin Mac Aoḋa.

Dúirt an tUasal Ó Líonaċáin naċ mbeaḋ deacraċt ar biṫ ann, agus naċ raiḃ ann aċ ceist coiméad na leaḃar.

Dúirt S. A. Mac Aoḋagáin, Innealtóir Condae, go raiḃ clár réasúnta maiṫ tógála reilige acu sa ḃliain seo caite.

Ṫug an Comairle údarás fá ċoinne tógáil balla teorainn ag Pol a' tSomáis, aċ an iasaċt ba ġá a ḟáil ċuige.

Ḃí eagla ar an Uasal Mellett, Príoṁ-Innealtóir cúnta, go mbeaḋ deacraċt an iasaċt a ḟáil leis an ganntanas airgid. Ḃí £1,000 den airgead caite ansin. D'iarr sé go ndéanfaí aistriú ar an airgead ó job aṁáin go job eile, mar an seans deireanaċ, san dóiġe go ḃféadfaí an obair a ċríoċnú fiú muna mbeaḋ an t-airgead le fáil.

Ní ḃeaḋ maiṫeas ar biṫ don Ċoṁairle dul isteaċ i gcúrsaí reilige, agus airgead a ċaiṫeaṁ ar iad a ċeannaċt, muna mbeaḋ aisaċtaí ar fáil le iad a ṫógáil.

GAELTAĊT DÚN NA NGALL

"Fiú aṁáin i Sasain ċuala mé oiread fá Ġaeltaċt Ḋún na nGall agus go gcaiṫfinn cuairt a ṫaḃairt air," adúirt an tUasal Delargaiġ. M.P., cuairteoir ó'n Ṡasain a ḃí ag stopaḋ ag Gort a' Ċoirce. Tá cliú air mar Anti-Partitionist agus rinne sé cuid ṁór oibre le deire a ċur leis an Teorainn minadúra in Éirinn. Ḃí sé ag caiṫeaṁ saoire in Éirinn agus sin a nrud adúirt sé fan cuairt a ṫug sé ar Ḋún na nGall. Dúirt sé gur ṁaiṫ leis a ḟeiceáil caidé mar ḃí gléas beaṫa na ndaoine i nGaeltaċt Ḋún na nGall. Tá cliú air ar fud Ḋúin na nGall as na hiarraċtaí a rinne sé ar son pobal na hÉireann agus ar son aontaċt na hÉireann. M.P. den luċt oibre i bPáirtí an Rialtais in am i láṫair é.

AN ASTRÁIL

Ṁéadaiġ pobal an Astráil 50 p.c. le fiċe bliain aċ san am céanna ḋúbal an daonra Caitliceaċ. Ṁéadaiġ an pobal ar fad ó 7,291,692 go dtí 11,312,557 aċ ṁéadaiġ pobal Caitliceaċ ó 1,237,136 go dtí 2592,806. Inimireoirí is ea 2,220,000 den pobal úr.

CARNA

Ḃí an t-áḋ ar an long, "St. Mondan" agus fáil ar ṡiúl ó Ċill Ċiaráin, le lasta 500 tonnaí de feamainn próiséisiṫe le taḃairt go hAlbain an tseaċtain seo caite. Ḃí sí díreaċ ar ṡiúl sul ar ṫosnaiġ an stoirm ṁillteanaċ. Ar fud an ċósta ḃí a ndóṫain le déanaṁ ag na hiascairí a gcuid bádaí agus eangaċa a ṡáḃáil. Ḃí cuid acu na suí ar feaḋ na hoíċe, aċ, buíoċas le Dia, ní dearnaḋ damáiste ar biṫ. Fuair Conamara ar ṡiúl go h-éadtrom, agus taoḃ amuiġ de tuillte ar na bóiṫre, agus roinnt scláta a scuabaḋ ar ṡiúl de na tiṫe, níor dearnaḋ doċar ar biṫ.

Don dara bliain le ċéile, ḃuaiġ Scoil Náisiúnta Siúraċa na Trócaire ar an Líonán, an ċéad duais do Gáirdíní Scoile, faoi ċoimirce Bórd Fáilte.

Ḃí áṫas ar na daoine ar an gClоċán an tSiúr Louis Carmel, agus deirfiúr an tAṫair Seosaṁ A. Moore, S.P., Gooloogong, An Astráil, a ḟeiscint arais san áit. Ḃí a n-aṫair ina príoṁ-Ċoiméadaí insan teaċ soluis ag Ceann Líme agus insan gClоċán a ċaiṫ an beirt acu a n-óige. Tá an t-Siúr Louise taréis 27 bliana a ċaiṫeaṁ in Capetown, áit a ḃfuil sí ina príoṁ-oide ar Coláiste Oiliúna Múinteoirí, do na daoine duḃa.

TULAIĠ AGUS CRÓ ḂEIṪE

Mar freagra ar ċeist ó Séamas Mac Ruaiḋrí, Co.C. deir Bord Soláṫar an Leictreaċais, de ṫairḃe leictreaċas a soláṫar do bailte fearann, Tulaiġ agus Cró Ḃeiṫe do ndéanfar canḃass arís ar na bailte fearann seo, timpeall Lúnasa, 1967. Raċfar ṫart ċuig luċt tiṫe ins na bailte fearann sin, ag an am sin, agus béarfar na téarmaí is fearr dioḃṫa.

De ṫairḃe moltaí a ċuir an Comairleoir Séamas Mac Ruaiḋrí ċuig an Comairle Condae, rinne siad deisiúċán ar bóṫar na Rannaí, Leitir Ṁic a' Ḃáird. Táṫar le deisiúċán iomlán a ḋéanaṁ ar an ḃealaċ seo in 1966-67.

ÉADAN ANFA

I dTeaċ Pobail an Teaġlaiġ Naofa, Éadan Anfa, pósaḋ Seán Mac Giolla Uain, mac le Seán Mac Giolla Uain, naċ maireann, agus Máire Ḃean Ṁic Giolla Uain, Loċ Fada, Cluanaiġ, agus Máire Nic an Ḃáird, iníon do Conall Mac an Ḃáird, agus Máiréad Nic an Ḃáird, naċ maireann, Mín a' Ṁaiḋne, Na Gleanntaí. An Monsignor D. S. Ó Fioḋḃara, S.P., Na Gleanntaí, a ṗós iad, le Aifreann an Ṗósta. Peadar Mac Aoḋa, Ard Loċar, Cluanaí, agus Bríd Nic an Ḃáird, deirfiúr na brideóige, a ṡeas leo. Ḃí an ḃainis insan Óstán Highland, Na Gleanntaí.

THURSDAY — 5.01, Mac an Adha. 5.15, Ceol Rince. 5.30, The Pleasures of Poetry. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Deardaoine. 6.20, Announcements. 6.25, Here's the Doctor. 6.45, Fleadh Ceoil an Radio. 7.15, Requests from the Irish Troops Overseas. 7.30, Cnag Ins An Inneal. 8.1, Record Report. 8.40, Racing: Washington D.C. International. 9.1, A Box of Penguin Books. 9.15, Masters and Moderns. 9.45, Sceal Nua ar an Seansceal. 10.30, Today in the Dail. 10.45, Recital.

FRIDAY—5.1, Ceili na nOg. 5.30, Dombey and Son. 5.55, Weather Forecast. 6.20, Announcements. 6.25, Focal on Dochtuir. 6.45, Sports Stadium. 7.30, Tommy O'Brien and his Records. 8.1, Flow On, Lovely River. 8.15, A Munster Journal. 8.45, Tuilleadh Sleachta As Mo Sceal. 9.1, Symphony Concert. 10.30, Ad Lib.

SATURDAY—5.1, Piano Tunes. 5.15, Junior Sports Magazine. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint an tSathairn. 6.20, Announcements. 6.45, Who's News? 7.15, A Piper's Choice. 7.45, This Week at the United Nations. 8.1, Dear Sir or Madam. 8.30, The Maureen Potter Show. 9.1, Light Music Week. 10.30, Ceili House.

SUNDAY—10.30, High Mass. 12.30, The Church in the World. 1.0, The Maureen Potter Show. 1.35, Provincial News Round-up. 2.0, Meet the Clans. 2.45, An Coiciosan. 3.15, Ceolta Tire. 3.30, Coriolanus. 4.50, Ceol Do Phaisti. 5.30, Down the Country. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht Anall, Nuacht Abhfus. 6.25, Appeal. 6.40, Sports Time. 7.10, An Sagart Linn. 7.15, Light Music Week. 8.0, An Enemy of the People. 9.25, Records. 9.30, The Years of the Great Test. 10.15, Newspoint. 10.35, Market Day. 11.05, Recital. 11.35, G.A.A. Results.

MONDAY—5.1, Out of Doors. 5.15, Records For Children. 5.30, Dombey and Son. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint an Luain. 6.20, Announcements. 6.45, Ireland's Top Ten. 7.15, Annso is Annsud sa Mhumhain. 7.30, Fleadh Ceoil an Radio. 8.1, Survey. 8.30, Satirists and Others. 8.45, Poetry Review. 9.1, Aeriris. 9.30, Field and Farmhouse. 10.30, Serenade in the Night. 10.45, City Newsreel.

TUESDAY—5.1, Timothy Tuft and the Looking Glass. 5.15, Records For Children. 5.30, Mol an Oige. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Mairte. 6.20, Announcements; Report on Store Cattle Sales. 6.45, Requests from Overseas. 7.15, This Is Your Business. 7.45, The Smile and the Tear. 8.1, A Woman's World. 8.30, Symphony Concert from Belfast. 10.30, Come All Ye Loyal Heroes.

WEDNESDAY—5.1, Weet and Silas. 5.15, Records For Children. 5.30, Birthday Time. 5.45, Books For Boys and Girls. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Ceadaoine. 6.20, Announcements; Cattle Market Report. 6.45, Town Hall Tonight. 7.30, Light Music Week. **Athlone Wavelength:** 8.00, Soccer: Inter-Cities Fairs Cup—Shamrock Rovers v. Zaragozza. **Dublin & Cork Wavelengths:** 8.00, News Headlines. 8.1, Gardening Magazine. 8.30, Farmers' Forum. 9.1, Mozart and Brahms Recital. **All Wavelengths:**— 9.45, Guth Aduaidh. 10.30, Today in the Dail. 10.45, And Then Came Sound. 11.0, Pop Call.

Muintir na Gaeltachta a d'fhoillsigh. "Democrat", Tír Chonaill, Clóbhualadh.